Mary Murphy: Spéir na hOíche
©Mary Murphy
(ón leabhar ***Only a Tree*** (Mary Murphy) foilsithe ag Otter Barry Books)

Bí ag Smaoineamh/ Bí ag plé (Teanga ó Bhéal)

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
An maith leat na dathanna? Cen fáth?
Ar mhaith leat dul ag taisteal sa spás?

An maith leat an oíche?
Céard a fheiceann tú san oíche?
Céard a chloiseann tú?

Samhlaigh gur réalta nó pláinéad tú. Céard a fheiceann tú thart timpeall ort?

Cé mhéad pláinéad atá i gcóras na gréine? (**OSIE**-**Tír Eolais**)
An féidir leat na pláinéid éagsúla a ainmniú(**OSIE**-**Tír Eolais**)

Cé na hainmhithe agus na héin a bhíonn amuigh san oíche?
An bhfaca tú madra rua nó ulchabhán amuigh san oíche riamh?
Céard a dhéanann na hainmhithe agus na héin oíche?
Céard a fheiceann siad?
Céard a chloiseann siad?
Céard a itheann siad? (**OSIE)**

Bí ag Léamh (Teanga – Léitheoireacht)

Léigh an dán seo

Mise an t-Ulchabhán

Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
na réaltaí ag sárú a chéile lena ngile

Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
An ghrian ag srannadh taobh thiar den chnoc

Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
Madra ag casadh suantraí dá choileán

Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
Mo dhá sciathán ag scoilteadh an dorchadais

Áine Ní Ghlinn (*Brionglóidí & Aistir Eile*) Cló Mhaigh Eo

Bí ag Scríobh (Teanga –Scríbhneoireacht)

Samhlaigh gur réalta nó madra rua nó sciathán leathair tú (nó rud ar bith a bhaineann leis an oíche nó leis an spéir)

Céard a chloiseann tú?
Céard a fheiceann tú?
Céard a dhéanann tú?

Scríobh 3 líne ag tosnú le
San oíche cloisim …
Scríobh 3 líne ag tosnú le
San oíche feicim …
Scríobh 3 líne ag tosnú le
San oíche …

Scríobh dán nó scéal bunaithe
ar na smaointe atá agat

Cruthaigh do phictiúr féin le
cur leis an dán/scéal (**Ealaíon**)

Sampla:

Mise an madra rua
San oíche cloisim ainmhithe eile ag srannadh
San oíche cloisim an ghaoth ag canadh suantraí
San oíche téim amach ag siúl go ciúin sa dorchadas
San oíche bím ag lorg bia do mo pháistí
Uaireanta goidim cearc nó sicín
Ansin fillim abhaile go dtí mo phluaisín féin
Bíonn dinnéar blasta againn roimh dul a luí

©Áine Ní Ghlinn